Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026
(OR. en)

10490/26

LIMITE

PROCIV 130
IPCR 65
POLMIL 238
SAN 477
COCON 30
JAI 820

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0223(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte |

Leagtar amach sa tuarascáil seo an obair a rinneadh go dtí seo i gcomhlacht ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, agus tugtar cuntas inti ar staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar an togra thuasluaite faoi Uachtaránacht na Cipire. Rinneadh an tuarascáil a dhréachtú faoi fhreagracht na hUachtaránachta in oirchill Choiste na mBuanionadaithe (Coreper 2) an 24 Meitheamh 2026.

Iarrfar ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.

**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón Uachtaránacht maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte**

Leagtar amach sa tuarascáil an obair a rinneadh i gcomhlacht ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, agus tugtar cuntas inti ar staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar an togra thuasluaite faoi Uachtaránacht na Cipire. Rinneadh an tuarascáil a dhréachtú faoi fhreagracht na hUachtaránachta in oirchill an chruinnithe a bheidh ag Coreper an 24 Meitheamh 2026.

Iarrfar ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.

PUBLIC

**I. RÉAMHRÁ**

1. An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (togra 'SACS-FÉS')[1]. Is cuid de phacáiste tionscnamh earnálach é an togra a ghabhann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil ('CAI') don tréimhse 2028-2034, agus tá imchlúdach airgeadais, dar luach EUR 10.675 billiún i bpraghsanna reatha, á bheartú mar chuid de.

2. Bhí an t-athbhreithniú ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ('SACS')[2] ar cheann de na 30 príomhghníomhaíocht a fógraíodh mar chuid den Straitéis um Aontas na hUllmhachta, a ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí an 26 Márta 2025 agus é mar aidhm léi tacú leis na Ballstáit agus feabhas a chur ar chumas na hEorpa bagairtí atá ag teacht chun cinn a chosc agus freagairt dóibh.

3. Is é is ábhar do thogra SACS-FÉS, agus é bunaithe ar Airteagal 168(5), Airteagal 196 agus Airteagal 322(1), pointe (a), CFAE, foráil a dhéanamh maidir le Sásra de chuid an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht airgeadais ón Aontas a leagan síos don chosaint shibhialta agus d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte.

4. Tá gnéithe airgeadais thogra SACS-FÉS á scrúdú i gcomhthéacs na caibidlíochta atá ar bun maidir le CAI 2028-2034. I ndáil leis an méid sin, cuirtear imchlúdach airgeadais EUR 10.241 billiún i bpraghsanna reatha ar fáil i mBosca Caibidlíochta na hUachtaránachta an 11 Meitheamh 2026[3].

---

[1] 11689/2025+ADD1.
[2] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta.
[3] Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 - an Bosca Caibidlíochta. 10058/2026-INIT

5. Cuireann togra SACS-FÉS leis an gcreat arna bhunú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE agus déanann sé tuilleadh forbartha air. I gcomparáid leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair, moltar ann roinnt gnéithe nua a thabhairt isteach, go háirithe tríd an gcosaint shibhialta agus an ullmhacht agus an fhreagairt i dtaca le héigeandáil sláinte a thabhairt le chéile faoi chreat rialála agus airgeadais aonair. I measc cuspóirí eile, féachann an togra sin le leanúnachas ghníomhaíocht an Aontais a áirithiú i réimse na hullmhachta agus na freagartha i dtaca le héigeandáil sláinte, tar éis do Chlár EU4Health dul in éag ag deireadh 2027. Thairis sin, maidir le cosaint shibhialta agus oibriú SACS, tugtar isteach leis an togra bearta nua ar leibhéal an Aontais i réimse an mheasúnaithe riosca agus déantar foráil ann maidir le hathruithe ar chreat rescEU agus ar an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta. Moltar ann freisin gné nua thrasearnála maidir le comhordú géarchéime agus áirítear ann forálacha darb aidhm an ullmhacht agus an comhar idir gníomhaithe sibhialta agus míleata a neartú. Sa chomhthéacs sin, beartaítear leis an togra Mol Comhordúcháin Géarchéime a chruthú, lena gcuirfear le struchtúr agus acmhainneachtaí an Lárionaid Comhordaithe Práinnfhreagartha arna bunú faoi Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Ina theannta sin, déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfadh an tAontas tacaíocht airgeadais do ghéarchéimeanna trasearnála faoi choinníollacha sonracha.

PUBLIC

6. I bhfianaise na mbunús dlí lena ngabhann, is faoin ngnáthnós imeachta reachtach (2025/0223 COD) a scrúdaítear an togra. I bParlaimint na hEorpa, cuireadh an dréacht-tuarascáil arna hullmhú go comhpháirteach ag rapóirtéirí an Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Choiste um Shláinte Phoiblí (SANT) i láthair an 9 Márta 2026. Cuireadh 1178 leasú san iomlán síos faoi sprioc-am an 9 Aibreán 2026 agus foilsíodh iad an 16 Aibreán 2026. Thairis sin, ghlac an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach agus an Coiste um Rialú Buiséadach a dtuairimí an 6 Bealtaine 2026[4] agus an 2 Meitheamh[5] faoi seach. Tá an Coiste um Shlándáil agus Cosaint (SEDE) agus an Coiste um Fhorbairt (DEVE) ag leanúint dá gcuid oibre ar dhréacht-tuairimí.

---

.[4] Tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, REGI_AD(2026)784245, arna glacadh an 6 Bealtaine 2026.

[5] Tuairim ón gCoiste um Rialú Buiséadach ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, CONT_AD(2026)787628, arna glacadh an 2 Meitheamh 2026.

7. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 3 Nollaig 2025[6]. Tá an togra á scrúdú ag Coiste Eorpach na Réigiún faoi dhréacht-tuairim CDR 4259/2025, 'Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte'.

8. Ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim[7] Uimh. 06/2026 uaithi maidir le togra SACS-FÉS an 10 Feabhra 2026. Cuireadh an tuairim i láthair sa Mheitheal um Chosaint Shibhialta (PROCIV) an 22 Aibreán 2026.

9. Ag tógáil ar an obair a rinneadh faoi Uachtaránacht na Danmhairge, lean Uachtaránacht na Cipire den togra a scrúdú d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: an plé teicniúil a chur chun cinn, réimsí cóineasaithe i measc na mBallstát a shainaithint agus comhréitigh maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach a fhorbairt.

## II. AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

10. Sa Chomhairle, leanadh den scrúdú ar thogra SACS-FÉS sa Mheitheal um Chosaint Shibhialta, arb í an phríomhchomhlacht ullmhúcháin don chomhad seo í. Le linn an scrúdaithe ar thogra SACS-FÉS sa Mheitheal um Chosaint Shibhialta, d'fhéach an Uachtaránacht le plé cuimsitheach a éascú trí iarraidh ar ionadaithe ó mheithleacha ábhartha eile de chuid na Comhairle páirt a ghlacadh sa phlé, i gcás inarb iomchuí. Tugtar tuilleadh sonraí thíos.

11. Faoi Uachtaránacht na Cipire, scrúdaíodh an togra ag 9 gcruinniú den Mheitheal um Chosaint Shibhialta a tionóladh an 14 Eanáir, an 4 agus an 18 Feabhra, an 2 agus an 25 Márta, an 22 Aibreán, an 5 agus an 20 Bealtaine, agus an 10 Meitheamh. Tá coinne le cruinniú deiridh den Mheitheal um Chosaint Shibhialta an 24 Meitheamh 2026.

12. Maidir le hábhair a bhaineann le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, d'iarr an Uachtaránacht ar thoscairí na Meithle um an tSláinte Phoiblí freastal ar na míreanna ábhartha plé sa Mheitheal um Chosaint Shibhialta an 18 Feabhra, an 2 Márta, an 25 Márta,

---

6 Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (NAT/962), arna glacadh an 3 Nollaig 2025. 16891/2025

7 Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, tuairim 06/2026 'maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta) (COM(2025) 548 final)', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026. 6332/2026



PUBLIC

an 5 Bealtaine agus an 10 Meitheamh. Ina theannta sin, i bhfianaise na ngnéithe comhordaithe géarchéime atá beartaithe, tugadh iarradh ar na toscairí ón Meitheal *ad hoc* maidir le hullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo freastal ar chruinnithe uile na Meithle um Chosaint Shibhialta. Thairis sin, iarradh ar na toscairí ón Meitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata freastal ar chruinniú na Meithle um Chosaint Shibhialta an 22 Aibreán le haghaidh na n-ábhar a bhaineann leis na forálacha i ndáil leis an gcomhar sibhialta-míleata. Ar deireadh, tugadh cuireadh do thoscairí na Meithle um Chosaint Shibhialta a bheith rannpháirteach sa Mheitheal *Ad Hoc* maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil an 24 Márta inar pléadh gnéithe airgeadais na gclár earnála.

13. Ag tógáil ar an gcur chuige cnuasach-bhunaithe agus ar na trí chnuasach a tugadh isteach faoi Uachtaránacht na Danmhairge, lean Uachtaránacht na Cipire den scrúdú ar an togra ar dtús agus úsáid á baint as an modheolaíocht chéanna: Cnuasach 1 (Uirlisí fothaithe acmhainneachta, Líonra Eolais an Aontais um Chosaint Shibhialta, Gníomhaíochtaí ullmhachta ginearálta, rescEU agus idirthréimhse rescEU), Cnuasach 2 (Raon Feidhme, Cuspóirí, Coisteolaíocht agus Gné na Sláinte), agus Cnuasach 3 (Mol Comhordaithe Géarchéimeanna agus Tacaíocht le haghaidh Géarchéimeanna Trasearnála). Rinneadh babhta eile plé ar na cnuasaigh sin faoi Uachtaránacht na Cipire, inar iarradh ar na Ballstáit moltaí agus barúlacha maidir le dréachtú a chur isteach roimh na cruinnithe a bhí tiomnaithe do Chnuasach 1 an 4 Feabhra, do Chnuasach 2 an 18 Feabhra, agus do Chnuasach 3 an 25 Márta. Ar bhonn an phlé sin agus na mbarúlacha i scríbhinn, d’ullmhaigh an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh nua maidir leis na 3 chnuasach sin. Ina theannta sin, thug Uachtaránacht na Cipire an dá chnuasach nua agus na téacsanna comhréitigh comhfhreagracha a leanas isteach: Cnuasach 4 (Comhar Sibhialta Míleata agus Tríú Tíortha Comhlachaithe) an 20 Bealtaine agus Cnuasach 5 (Measúnú Riosca agus Pleanáil Bainistithe Riosca) an 10 Meitheamh. Scaip an Uachtaránacht na téacsanna comhréitigh seo a leanas: an dara téacs comhréitigh maidir le Cnuasach 1 (an 26 Eanáir), Cnuasach 2 (an 23 Feabhra) agus Cnuasach 3 (an 18 Márta); an tríú téacs comhréitigh páirteach maidir le Cnuasach1 agus Cnuasach 2 (an 27 Aibreán) agus Cnuasach 3 (an 19 Bealtaine); agus na chéad téacsanna comhréitigh páirteacha maidir le Cnuasach 4 (an 19 Bealtaine) agus Cnuasach 5 (an 10 Meitheamh). D’fhógair an Uachtaránacht freisin go bhfuil sé ar intinn aici an téacs comhréitigh páirteach deireanach a ullmhú le linn a téarma lena gcumhdaítear Cnuasaigh 1 go 4, lena phlé ag an gcruinniú deiridh den Mheitheal um Chosaint Shibhialta an 24 Meitheamh 2026.

14. An 20 Bealtaine 2026, bunaithe ar iarrataí ó roinnt Ballstát, mhol an Uachtaránacht struchtúr athbhreithnithe don Rialachán lena n-áirítear comhdhlúthú gnéithe de Cnuasaigh 1, 2, 3 agus 4, d’fhonn scrúdú breise ar an togra a éascú. Rinneadh an cleachtadh athstruchtúrúcháin mar fhreagairt ar bharúlacha a fuarthas ó na toscaireachtaí agus ba é ab aidhm dó inléiteacht, deimhneacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas foriomlán an Rialacháin a bheidh ann amach anseo a fheabhsú. Leis an ollstruchtúr athbhreithnithe, tugadh níos mó soiléireachta maidir le



PUBLIC

roinnt príomhthopaicí a dtugtar aghaidh orthu sa togra le haghaidh rialacháin, lena n-áirítear SACS, tacaíocht ón Aontas le linn géarchéimeanna trasearnála, ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus cistiú ón Aontas.

15. Ag an am céanna, tá forbairt agus beachtú déanta ag an Uachtaránacht ar chur chuige bainistithe iarmhairtí uile-ghuaise atá bunaithe ar riosca mar phrionsabal cothrománach atá mar bhonn taca leis an togra. Ag tógáil ar bharúlacha na mBallstát agus ar an bplé a rinneadh ag cruinnithe den Mheitheal um Chosaint Shibhialta, d'fhéach an Uachtaránacht lena shoiléiriú gur cheart aghaidh a thabhairt, le SACS, ar na guaiseacha nádúrtha agus antrapaigineacha ar bhonn measúnuithe riosca agus ar dhóchúlacht agus tionchar na dteagmhas a d'fhéadfadh a bheith ann, agus é á áirithiú ag an am céanna go leanfaidh gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi SACS de bheith dírithe ar bhainistiú iarmhairtí agus go n-urramófar go hiomlán freagrachtaí na mBallstát i réimsí áirithe, mar shampla an tslándáil agus an chosaint náisiúnta. Bhí an cur chuige sin mar bhonn eolais don scrúdú ar fhorálacha a bhaineann le raon feidhme SACS, measúnú riosca agus pleanáil bainistithe riosca, ullmhacht, athléimneacht agus acmhainneacht freagartha.

16. Le linn an scrúdaithe ar an togra, mhol an Uachtaránacht do na toscaireachtaí moltaí maidir le dréachtú agus barúlacha a chur isteach i scríbhinn maidir le réasúnaíocht na moltaí sin. Rinne an Uachtaránacht anailís chúramach ar na haighneachtaí sin agus d'fhéach sí lena léiriú i dtograí comhréitigh ina dhiaidh sin. Le linn an phlé bhí rannpháirtíocht chuiditheach ann agus cuspóir comhroinnte maidir le cumais ullmhachta agus freagartha an Aontais a neartú, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán.

17. Bhí leibhéal ard rannpháirtíochta ó na Ballstáit le linn an scrúdaithe ar an togra. Thíolaic na toscaireachtaí líon suntasach moltaí maidir le dréachtú agus barúlacha maidir leis na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht, lena gcumhdaítear gach cnuasach téamach den togra. San iomlán, fuair an Uachtaránacht breis agus 2500 moladh maidir le dréachtú agus rinne sí anailís orthu le linn na tréimhse tuairisciúcháin. Bhí an t-ionchur sin mar bhonn d'athbhreithnithe comhleanúnacha ar na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht; chuidigh siad le réimsí cóineasaithe agus dibhéirseachta i measc na dtoscaireachtaí a shainaithint agus rannchuidigh siad go mór le comhréitigh a fhorbairt. Tugtar forléargas thíos ar na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas.

18. Ó thús go deireadh Uachtaránacht na Cipire, tháinig laghdú thart ar 44 % ar líon na leasuithe dréachtaithe in aghaidh an Airteagail a scrúdaíodh, agus d'éirigh na moltaí agus na barúlacha maidir le dréachtú níos sonraí de réir a chéile, rud a léiríonn gur baineadh amach sprioc na hUachtaránachta maidir le soiléireacht níos fearr sa togra le haghaidh rialacháin.

19. Chomh maith leis an scrúdú a rinneadh ar chnuasaigh aonair, rinne an Uachtaránacht iarrachtaí suntasacha agus í ag obair ar shaincheisteanna cothrománacha a mbíonn tionchar

acu ar struchtúr foriomlán an togra. Díríodh sa phlé ar na saincheisteanna seo a leanas, i measc saincheisteanna eile: an caidreamh idir cosaint shibhialta, ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte agus tacaíocht do ghéarchéimeanna trasearnála; rialachas rescEU amach anseo; agus ról, rialachas agus feidhmiú an Mhoil Trasearnála um Thacaíocht le linn Géarchéimeanna. I ndáil leis an méid sin, d'fhorbair an Uachtaránacht socruithe athbhreithnithe don Mhol arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát maidir lena chaidreamh leis an Lárionad Comhordaithe Práinnfhreagartha, dúbláil le struchtúir bainistithe géarchéime atá ann cheana a sheachaint, carachtar sibhialtach úsáid agus comhiomlánú sonraí íogaire SACS a chosaint agus rannpháirtíocht iomchuí na mBallstát agus na Comhairle i gcúram agus oibriú an Mhoil a áirithiú.

20. Bunaithe ar an bplé a rinneadh le linn an tseimeastair, measann an Uachtaránacht go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le struchtúr agus rialachas an togra a shoiléiriú, go háirithe tríd an gcleachtadh athstruchtúrúcháin a thíolaic an Uachtaránacht an 20 Bealtaine 2026, lenar féachadh le hinléiteacht, deimhneacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas foriomlán an rialacháin a bheidh ann amach anseo a fheabhsú trí idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir SACS, tacaíocht do ghéarchéimeanna trasearnála, ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus forálacha cistiúcháin an Aontais. D'fhorbair an Uachtaránacht comhréitigh maidir leis an Mol Trasearnála um Thacaíocht le linn Géarchéimeanna atá beartaithe lena bhféachtar le cineálacha éagsúla cur chuige a chuir na Ballstáit in iúl a réiteach agus an ról atá ag an Lárionad Comhordaithe Práinnfhreagartha á chaomhnú agus socruithe cuntasachta agus comhordúcháin á bhfeabhsú ag an am céanna. Trí théacsanna comhréitigh comhleanúnacha, comhairliúcháin spriocdhírithe agus plé struchtúrtha beartais, d'fhéach Uachtaránacht na Cipire le freagairt ar iarrataí na mBallstát ar shoiléireacht dhlíthiúil níos fearr, ar shocruithe rialachais feabhsaithe agus ar idirdhealú níos soiléire idir cuspóirí beartais agus sásraí cistiúcháin, agus prionsabail na dlúthpháirtíochta, na coimhdeachta agus úinéireacht na mBallstát atá mar bhonn taca faoi SACS á gcaomhnú ag an am céanna, chomh maith lena n-inniúlachtaí, a gcosaint agus a slándáil náisiúnta.

21. Leis an obair a rinneadh faoi Uachtaránacht na Cipire, bhíothas in ann scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar ghnéithe substainteacha den togra agus cuireadh go mór leis an tuiscint ar sheasaimh na mBallstát i ngach ceann de na cúig chnuasach théamacha. Measann an Uachtaránacht gur chuir na téacsanna comhréitigh comhleanúnacha feabhas ar an togra, agus saincheisteanna á sainaithint aici ag an am céanna a mbeidh tuilleadh plé agus treoir pholaitiúil ag teastáil ina leith. Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta, measann an Uachtaránacht gur bunaíodh bonn láidir chun leanúint leis an gcaibidlíocht d'fhonn creat reachtach comhleanúnach cothrom a fhorbairt a rannchuideodh le hinniúlachtaí ullmhachta, freagartha agus athléimneachta an Aontais a neartú, a chuirfeadh feabhas ar chomhordú ar fud na n-earnálacha, agus a thabharfadh breisluach soiléir do na Ballstáit agus a bhfreagrachtaí agus a n-inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.



PUBLIC

### III. CONCLÚIDÍ

22. Cuireann an Uachtaránacht in iúl gur mór aici na Ballstáit, an Coimisiún, Ardrúnaíocht na Comhairle agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile as a rannpháirtíocht chuiditheach agus togra SACS-FÉS á scrúdú acu.

23. Aithníonn an Uachtaránacht freisin na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag na riaracháin náisiúnta chun comhordú a áirithiú idir na húdaráis éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear údaráis cosanta sibhialta, sláinte, ullmhachta, cosanta agus bainistithe géarchéime.

24. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Uachtaránacht maidir leis an scrúdú ar an togra le linn an chéad seimeastair de 2026. Thug an Mheitheal um Chosaint Shibhialta faoi phlé mionsonraithe maidir le cúig chnuasach théamacha agus scrúdaigh sí téacsanna comhréitigh comhleanúnacha ón Uachtaránacht lena gcumhdaítear príomhfhorálacha substainteacha an dréachtrialacháin.

25. Measann an Uachtaránacht gur chuir an cleachtadh athstruchtúrúcháin a rinneadh le linn an tseimeastair go mór le hinléiteacht, comhleanúnachas agus soiléireacht dhlíthiúil an togra a fheabhsú agus gur chuir sé creat níos soiléire ar fáil don chaibidlíocht amach anseo.

26. Léiríodh sa phlé go dtacaítear go forleathan le cumais ullmhachta, athléimneachta agus freagartha na mBallstát agus an Aontais a neartú trí chur chuige uile-ghuaise agus príomhfhreagrachtaí na mBallstát i réimsí na cosanta sibhialta, na slándála náisiúnta, na cosanta agus na sláinte á n-urramú ag an am céanna.

27. Tá an Uachtaránacht suite de gur féidir aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl agus, ag an am céanna, an cuspóir foriomlán a chaomhnú maidir le cumas an Aontais tubaistí guaiseacha uile amach anseo a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh a neartú.

28. Measann an Uachtaránacht gur deimhníodh leis an bplé a rinneadh le linn an tseimeastair an tábhacht straitéiseach a bhaineann le rescEU a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh mar cheann de cholúin SACS. I ndáil leis an méid sin, chuir obair na hUachtaránachta le tuiscint níos soiléire a fháil ar ionchais na mBallstát maidir le rialachas, maoiniú agus forbairt acmhainneachtaí rescEU amach anseo, agus prionsabail na dlúthpháirtíochta, na comhlántachta agus an bhreisluacha Aontais atá mar bhonn taca faoi SACS á n-athdhearbhú ag an am céanna.

29. Measann an Uachtaránacht gur chabhraigh an plé sa Mheitheal leis na Ballstáit a dtuairimí a shoiléiriú maidir le himlíne ról, rialachas agus socruithe oibríochtúla an Mhoil Trasearnála um Thacaíocht le linn Géarchéimeanna atá beartaithe. D'fhéadfadh na comhréitigh a d'fhorbair an Uachtaránacht a bheith mar bhonn don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo

agus é mar chuspóir an ról lárnach atá ag an Lárionad Comhordaithe Práinnfhreagartha a chaomhnú, dúbláil leis na struchtúir atá ann cheana a sheachaint agus rannpháirtíocht iomchuí na mBallstát agus na Comhairle a áirithiú.

30. Measann an Uachtaránacht freisin go bhféadfadh forbairt cur chuige bainistithe iarmhairtí uile-ghuaise atá bunaithe ar riosca rannchuidiú le hullmhacht, athléimneacht agus acmhainneachtaí freagartha a neartú ar fud na n-earnálacha agus inniúlachtaí agus freagrachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán agus treoshuíomh straitéiseach tábhachtach a chur ar fáil don rialachán a bheidh ann amach anseo.

31. Tríd an togra a athstruchtúrú, trí théacsanna comhréitigh comhleanúnacha a fhorbairt agus trí phlé a chur chun cinn maidir le príomh-shaincheisteanna mar shampla rescEU, an tslándáil náisiúnta, an comhar sibhialta-míleata, an Mol Trasearnála um Thacaíocht le linn Géarchéimeanna agus pleanáil bainistithe riosca, creideann an Uachtaránacht gur fearr is féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht anois ag céim níos aibí. Chuidigh an dul chun cinn a rinneadh le linn an tseimeastair le difríochtaí idir na toscaireachtaí a chúngú agus le bealach níos soiléire a bhunú i dtreo creat cothrom oibríochtúil amach anseo le haghaidh ullmhacht an Aontais agus a fhreagairt i gcás ghéarchéimeanna.

32. Measann an Uachtaránacht go mbeidh an obair a rinneadh le linn an chéad seimeastair de 2026 ina bunús láidir chun leanúint den chaibidlíocht faoin Uachtaránacht inteachta. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht tacú go hiomlán le hUachtaránacht inteachta na hÉireann agus comhoibriú léi, agus muinín aici go mbeidh na téacsanna comhréitigh atá beartaithe faoi láthair ina mbunús láidir chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh le linn na chéad Uachtaránachta eile.

33. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte a thabhairt dá n-aire.